





## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Níor bhog an duine nuair a chonaic sé an bhumbóg ar a shrón. Cén fáth nár bhog sé, dar leat?

### Tasc 2:

Is feithid í an bhumbóg. Ainmnigh 5 fheithid eile.

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com


16 An Bhumbóg

Foilseachán de chuid CCEA © 2015

Rewarding Learning

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Taisce Tuisceana



# An Bhumbóg

# An Bhumbóg

Luigh mé síos
Sa ghairdín inné,
Agus thit mé i mo chodladh
I lár an lae.

Dhúisigh mé go tapa
Nuair a bhuail an **fón**,
Agus chonaic mé rud éigin
Ina shuí ar mo shrón.

**Bumbóg** mhór,
Dubh agus buí,
A tháinig ar cuairt
Nuair a bhí mé i mo luí.

Níor bhog mé ar feadh tamaill
Ar dheis ná ar chlé,
Agus d'eitil an bhumbóg ar aghaidh
Nuair a bhí sí réidh.

**Le Daire Mac Pháidín**



# Ceisteanna

1. **Cén áit a raibh an duine ina chodladh?**
   (a) Sa teach
   (b) Sa ghairdín
   (c) Sa siopa

2. **Cén uair a tharla seo?**
   (a) Inniu
   (b) An bhliain seo caite
   (c) Inné

3. **Cad a dhúisigh an duine?**
   (a) Chuala sé an bhumbóg
   (b) Chuala sé ceol
   (c) Chuala sé an fón ag bualadh

4. **Cén dath a bhí ar an mbumbóg?**
   (a) Dubh agus bán
   (b) Dubh agus buí
   (c) Buí agus donn

5. **Cad a rinne an duine nuair a chonaic sé an bhumbóg?**
   (a) Léim sé
   (b) Rith sé leis
   (c) Ní dhearna sé rud ar bith

6. **Cad a rinne an bhumbóg nuair a dhúisigh an duine?**
   (a) D'imigh sí
   (b) Fuair sí bás
   (c) Thit sí ina codladh

